



An Roinn Sláinte
Department of Health

An tAthbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha

Ceistneoir Comhairliúcháin Phoiblí

Réamhrá

Chuir Simon Harris TD, an tAire Sláinte, an tAthbheithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha ar bun ag deireadh na bliana 2017, agus é faoi chathaoirleacht neamhspleách ag an Ollamh Philip Nolan ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Tháinig Grúpa Stiúrtha príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear ionadaithe d'othair, le chéile den chéad uair ag deireadh mhí Eanáir 2018 agus chomhaontaigh an Grúpa clár oibre don Athbheithniú Náisiúnta. Cuid thábhachtach den Athbheithniú Náisiúnta is ea an comhairliúchán poiblí seo, a mbeidh tionchar mór aige ar an treoirphlean a mholfar do sheirbhísí amach anseo. Tá an tAonad um Éifeachtacht Chliniciúil san Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar ag tacú leis an Athbheithniú seo. Tá an Oifig lonnaithe sa Roinn Sláinte agus cuireann sí ceannaireacht ar fáil maidir leis an mbeartas sábháilteachta othar. Tá sábháilteacht othar ina gné lárnach dár seirbhís sláinte. Tá sí mar phríomhthosaíocht ag an Roinn Sláinte freisin (féach tuilleadh sonraí faoi obair na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar ag <http://health.gov.ie/national-patient-safety-office/>).

Aidhm agus Raon Feidhme an Athbheithnithe Náisiúnta

Is é aidhm an Athbheithnithe Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach d'othair ar leibhéal an daonra, agus béim ar leith á cur ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar inbhuanaitheacht na seirbhísí a fhaigheann othair tríd an ngá atá le cumrú barrmhaith ar sheirbhís chairdiach náisiúnta d'aoisigh a bhunú. Tá raon feidhme leathan náisiúnta ag an Athbheithniú Náisiúnta. Déanfar iniúchadh ann ar sheirbhísí d'aoisigh a fhreastalaíonn ar riachtanais roghnacha, phráinneacha agus éigeandála le diagnóisiú agus le cóireáil ospidéalbhunaithe galar cairdiach, lena n-áirítear gnáthaimh chairdiacha dhiagnóiseacha agus idirghabhálacha agus na seirbhísí idirspleácha gaolmhara. Cuid lárnach den Athbheithniú is ea torthaí othar, sábháilteacht othar agus muinín an phobail a áirithiú as seirbhísí cairdiacha. Mar sin, tá an comhairliúchán seo ina ghné riachtanach den Athbheithniú.

Sainseirbhísí Cairdiacha

Tríd is tríd, is é atá i gceist le Sainseirbhísí Cairdiacha cóireáil a thabhairt d'othair ar bhuaill taom croí iad, a bhfuil cliseadh croí á fhulaingt acu agus a bhfuil rithim mhínormálta croí acu. Cumhdaíonn siad raon riochtaí eile freisin (e.g. galar croí aosach ón mbroinn) agus áirítear leo an raon iomlán seirbhísí diagnóiseacha, cóireála, athshlánúcháin agus coiscitheacha a bhaineann le galar croí. Chun críocha an Athbheithnithe Náisiúnta, is ar shainseirbhísí cairdiacha d'aoisigh atáthar ag díriú.

Tá do Thuairim Thábhachtach

Tá an comhairliúchán poiblí seo á reáchtáil mar shuirbhé ar líne ar féidir leat é a fhreagairt mar dhuine aonair nó thar ceann eagraíochta. I gcás go bhfuil tú ag freagairt thar ceann eagraíochta, tabhair faoi deara gur cheart an aighneacht a bheith údaraithe ar an leibhéal bainistíochta cuí. Má tá tú ag freagairt mar dhuine aonair, is amhlaidh, le do chead agus ar mhaithe le trédhearacht, go bhfoilseofar d'ainm mar rannpháirtí sa chomhairliúchán.

Ina theannta sin, is faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, a bheidh gach aighneacht a fhaigheann an Roinn agus féadfar iad a eisiúint mar fhreagra ar iarraidh saorála faisnéise. Foilsíonn an Roinn an téacs d'iarraí saorála faisnéise ar logaí nochta saorála faisnéise ar a suíomh Gréasáin.

An Ceistneoir a Chomhlánú

Is éigeantach atá roinnt ceisteanna sa cheistneoir. Is iad na ceisteanna éigeantacha sin na ceisteanna ina dtairgtear raon roghanna duit nó ina n-iarrtar ort a dheimhniú go dtuigeann tú ráitis áirithe. I gceisteanna eile, iarrfar ort do thuairimí nó d'eispéireas a chur in iúl i d'fhocail féin - tugaimid saorthéacs air sin. Ní ceisteanna éigeantacha iad na ceisteanna a bhfuil freagraí saorthéacs ag gabháil leo. Mar sin, is féidir leat neamhaird a thabhairt orthu, más mian leat. Le linn duit freagra a thabhairt i saorthéacs, is gá duit do fhreagra a choinneáil chomh beacht agus is féidir toisc go bhfuil teorainn focal ann leis an méid téacs atá ar fáil. Cuireadh na teorainneacha focal sin i bhfeidhm chun gur féidir breithniú cuimsitheach a dhéanamh ar gach aighneacht. Má tá an ceistneoir á chomhlánú agat ar líne, brúigh 'submit' tar éis duit na ceisteanna uile a fhreagairt.

I gcás daoine ar mhaith leo freagairt as Gaeilge, is gá dóibh an leagan Gaeilge a íoslódáil mar chomhad PDF agus é a chomhlánú agus a sheoladh le casadh an phoist ansin chuig an seoladh seo a leanas faoi 1 p.m. Dé hAoine an 17 Lúnasa:

An tAthbheithniú Náisiúnta ar Sheirbhísí Cliniciúla
An 11ú hUrlár, Teach Hawkins
Sráid Hawkins
Baile Átha Cliath, D02 VW90

Más mian leat, is féidir leat an leagan Béarla a íoslódáil mar chomhad PDF freisin agus é a sheoladh le casadh an phoist ansin chuig an seoladh céanna. Tabhair faoi deara nach measfar aighneacht a bheith inghlactha agus nach gcuirfear ar áireamh san anailís í i gcás go bhfuil caint gháirsiúil inti nó go ndéantar tuairimí maslacha faoi dhaoine aonair sainaitheanta inti.

Dáta deiridh

Beidh an comhairliúchán poiblí ar oscailt go dtí 1 p.m. Dé hAoine an 17 Lúnasa. A luaithe a bheidh an comhairliúchán dúnta, ní bheifear in ann an tsaoráid a úsáid chun aighneacht a chur isteach.

Cuid 1 – Faisnéis faoin bhFreagróir (atá le comhlánú ag gach freagróir)

C1 Is chun críocha forbairt beartais amháin a úsáidfean an faisnéis a thugann tú sa chomhairliúchán seo agus láimhseálfar í de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. D'fhéadfadh go ndéanfaí anailís ar aighneachtaí a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí a fhoilsiú ar líne. D'áireofaí leis sin liosta de na heagraíochtaí agus na comhlachtaí ionadaíocha a thug freagra air. D'fhéadfadh go n-úsáidfí sa tuarascáil deiridh ar an gcomhairliúchán na tuairimí a chuireann daoine aonair isteach. Ní chuirfean aon ainm leo, áfach. Déantar na sonraí pearsanta uile a stóráil go slán. Tá siad faoi réir dlíthe agus beartais maidir le cosaint sonraí freisin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach <http://health.gov.ie/data-protection/>. Cuir tic thíos chun a dheimhniú go dtuigeann tú é sin.

Tuigim an ráiteas thuas

C2 An bhfuil an aighneacht seo á déanamh agat:

mar dhuine aonair?

thar ceann grúpa/eagraíochta? (***má roghnaíonn tú an ceann seo, téigh go díreach chuig C7***)

C3 Tabhair d'ainm iomlán thíos:

C4 An bhfuil sé amhlaidh go dtoilíonn tú le d'ainm a bheith á fhoilsiú mar rannpháirtí san Athbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha? Mura bhfuil, ní fhoilseofar d'ainm ach cuirfean do fhreagraí ar áireamh san anailís.

Tá

Níl

C5 An bhfuil an aighneacht aonair seo á déanamh agat:

bunaithe ar eispéireas pearsanta (i.e. d'eispéireas féin nó eispéireas garghaoil leat - máthair/athair/deartháir/deirfiúr/mac nó iníon aosach) ar shainseirbhísí cairdiacha?

(má roghnaíonn tú an ceann seo, téigh go díreach chuig C11)

bunaithe ar do thaithí mar ghairmí cúram sláinte/oibrí cúram sláinte?

ar chúiseanna eile (tabhair sonraí thíos)

C6 Má tá tú i do ghairmí cúram sláinte/i d'oibrí cúram sláinte, cuir tic in aice leis an teideal poist a dhéanann an cur síos is fearr ar do ról reatha:

Altra, a dhéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht nó i ngné ar leith den chairdeolaíocht

Altra, nach ndéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Dochtúir, a dhéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht nó i ngné ar leith den chairdeolaíocht

Dochtúir, nach ndéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Teicneoir cairdiach

Diaitéiteach, a dhéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Diaitéiteach, nach ndéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Fisiteiripeoir, a dhéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Fisiteiripeoir, nach ndéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Cógaiseoir, a dhéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Cógaiseoir, nach ndéanann speisialtóireacht sa chairdeolaíocht

Teiripeoir Saothair

Síceolaí

Bean Chabhrach

Eile (tabhair sonraí) _____

Téigh go díreach chuig C19 má chomhlánaigh tú an cheist seo

C7 Cuir tic in aice leis an téarma a dhéanann an cur síos is fearr ar do ghrúpa/d'eagraíocht:

- Comhlacht Ionadaíoch d'Úsáideoirí Seirbhíse/d'Othair
- Soláthraí Sainseirbhísí Cairdiacha (e.g. Ospidéal, Clinic Príobháideach, etc.)
- Eagraíocht Ionadaíoch do Ghairmithe Cúram Sláinte/d'Oibríthe Cúram Sláinte
- Institiúid Acadúil
- Carthanas
- Eile (tabhair sonraí) _____

C8 Foilseofar ainm na ngrúpaí/na n-eagraíochtaí uile a dhéanann aighneacht don phróiseas comhairliúcháin seo. Iarrfar ort ainm do ghrúpa/d'eagraíochta a thabhairt sa chéad cheist eile. Cuir tic thíos chun leanúint ar aghaidh.

- Tuigim go ndéanfar ainm na heagraíochta a thugaim mar fhreagra ar an gceist seo a leanas a fhoilsiú mar chuid den Athbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha

C9 Tabhair ainm do ghrúpa/d'eagraíochta

C10 Tabhair d'ainm iomlán thíos (*agus téigh go díreach chuig C19 ansin*)

Tabhair faoi deara nach bhfoilseofar ach ainm an ghrúpa/na heagraíochta. Ní fhoilseofar d'ainm agus ní bhainfidh an Roinn Sláinte úsáid as ach amháin chun críocha tagartha i gcás gur gá dúinn teagmháil leantach a dhéanamh le do ghrúpa/d'eagraíocht.

Cuid 2 – Eispéireas Pearsanta

C11 Cuir tic in aice leis an gcontae inar chónaigh tú (nó an gargaol leat) tráth a fuarthas an sainchúram cairdiach.

- | | |
|---|--------------------------------------|
| <input type="radio"/> Ceatharlach | <input type="radio"/> An Longfort |
| <input type="radio"/> An Cabhán | <input type="radio"/> Lú |
| <input type="radio"/> An Clár | <input type="radio"/> Maigh Eo |
| <input type="radio"/> Corcaigh | <input type="radio"/> An Mhí |
| <input type="radio"/> Dún na nGall | <input type="radio"/> Muineachán |
| <input type="radio"/> Baile Átha Cliath | <input type="radio"/> Uíbh Fhailí |
| <input type="radio"/> Gaillimh | <input type="radio"/> Ros Comáin |
| <input type="radio"/> Ciarraí | <input type="radio"/> Sligeach |
| <input type="radio"/> Cill Dara | <input type="radio"/> Tiobraid Árann |
| <input type="radio"/> Cill Chainnigh | <input type="radio"/> Port Láirge |
| <input type="radio"/> Laois | <input type="radio"/> An Iarmhí |
| <input type="radio"/> Liatroim | <input type="radio"/> Loch Garman |
| <input type="radio"/> Luimneach | |
| <input type="radio"/> Cill Mhantáin | |

C12 Cén cineál sainseirbhíse cairdeolaíochta ar bhain tú (nó an gargaol leat) úsáid as agus cén áit ar soláthraíodh an cineál sainseirbhíse sin?

Tabhair faoi deara gur féidir leat tic a chur i níos mó ná bosca amháin in aghaidh na seirbhíse, e.g. i gcás go bhfuair tú gnáthaimh in ospidéal phoiblí agus phríobháideacha araon, cuir tic sa dá bhosca.

| | Ospidéal Poiblí | Ospidéal Príobháideach nó Clinic Príobháideach | Ionad Cúram Sláinte/Ionad Cúraim Phríomhúil |
|--|--------------------------|--|---|
| Clinic Péine Cliabhraigh | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Tástáil nó Gnáthamh a rinneadh i Saotharlann Cataitéaraithe | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Tástáil nó Gnáthamh a rinneadh in Obrádlann Chairdiach | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Tástáil nó Gnáthamh nach ndearnadh i Saotharlann Cataitéaraithe nó in Obrádlann Chairdiach | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Cóireáil i mbarda othar cónaitheach cairdiach | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Clár Athshlánúcháin | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Clinicí Othar Seachtrach Cairdeolaíochta | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Eile | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

C13 Cé na gairmithe cúram sláinte/na hoibrithe cúram sláinte ar tháinig tú (nó an garghaol leat) i dteagmháil leo le linn úsáid a bhaint as sainseirbhísí cairdiacha?

Tabhair faoi deara gur féidir leat tic a chur i níos mó ná bosca amháin

- Cairdeolaí Comhairleach agus a fhoireann
- Dochtúir comhairleach nach cairdeolaí é agus a fhoireann
- Liachleachtóir ginearálta
- Altra barda
- Altraspeisialtóir cliniciúil nó ardchleachtóir altranais
- Teicneoir Cairdiach
- Daitéiteach
- Fisiteiripeoir
- Teiripeoir Saothair
- Cógaiseoir
- Síceolaí
- Eile _____

C14 Nuair a bhí fadhb nó ceist agat (nó ag an ngarghaol leat) a bhain le do chóireáil (nó le cóireáil an gharghaoil leat), an raibh a fhios agat cén duine ar cheart duit teagmháil a dhéanamh leis?

- Bhí
- Ní raibh

C15 Cén chóir iompair ar bhain tú (nó an garghaol leat) úsáid aisti le linn sainseirbhísí cairdiacha a rochtain?

Tabhair faoi deara gur féidir leat tic a chur i níos mó ná bosca amháin, e.g. i gcás gur bhain tú úsáid as otharcharr le haghaidh cóireáil éigeandála agus gnáthchóireáil araon a fháil, cuir tic sa dá bhosca.

| | Cóireáil Éigeandála | Gnáthchóireáil |
|---------------|--------------------------|--------------------------|
| Otharcharr | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Carr | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Iompar Poiblí | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Eile | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

C16 Cuir in iúl do leibhéal aontaithe/easaontaithe leis na ráitis seo a leanas maidir le do shainroghanna pearsanta (nó sainroghanna pearsanta an gharghaoil leat):

| | Easaonta ím go mór | Easaontaím | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím go páirteach | Aontaím |
|--|-----------------------|-----------------------|-----------------------------|-----------------------|-----------------------|
| B'fhearr liom/leis an ngarghaol liom cóireáil a fháil san ospidéal áitiúil nó san ospidéal is gaire fiú amháin i gcás nach raibh sainfhoireann chairdiach ar fáil chun mé/an garghaol liom a chóireáil | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| B'fhearr liom/leis an ngarghaol liom cúram leantach a fháil ón tsainfhoireann chairdiach a thug cóireáil dom/don gharghaol liom ar dtús, fiú amháin i gcás gur tugadh an chóireáil sin in ospidéal príobháideach | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| B'fhearr liom/leis an ngarghaol liom taisteal níos faide ná an t-ospidéal áitiúil nó an t-ospidéal is gaire chun cóireáil a fháil in ionad barr feabhais | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| B'fhearr liom/leis an ngarghaol liom taisteal níos faide ná an t-ospidéal áitiúil nó an t-ospidéal is gaire chun diagnóis nó cúram a fháil ar bhealach níos praise | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| B'fhearr liom/leis an ngarghaol liom tuilleadh faisnéise a | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |

fháil faoi na nithe ba
cheart dom/don
gharghaol liom a
dhéanamh agus
mé/an garghaol liom
ar ais sa bhaile

B'fhearr liom/leis an
ngarghaol liom
fanacht le cúram
leantach a fháil ón
tsainfhoireann
chairdiach a thug
cóireáil dom/don
gharghaol liom ar
dtús, seachas
freastal ar ghairmí
cúram sláinte eile



C17 Má fuair tú (nó garghaol leat) cóireáil in ospidéal/clinic **poiblí** Éireannach, cén dóigh a marcálfá an sainchúram cairdiach a fuair tú (nó an garghaol leat) faoi na ceannteidil seo a leanas?

| | An-mhaith | Maith | Inghlactha | Lag | An-lag |
|--|-----------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|
| Cáilíocht an chúraim | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Faisnéis faoi sheirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| An rogha seirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Sábháilteacht na seirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Uaireanta oscailte do sheirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Amanna feithimh do sheirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Gaireacht/am taistil idir do theach agus na seirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Faisnéis faoi fhéinchúram, e.g. aiste bia, aclaíocht, cógas, etc. | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Oideachas ar na nithe ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála cairdiaiche | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |

C18 Má fuair tú (nó garghaol leat) cóireáil in ospidéal/clinic **príobháideach** Éireannach, cén dóigh a marcálfá an sainchúram cairdiach a fuair tú (nó an garghaol leat) faoi na ceannteidil seo a leanas?

| | An-mhaith | Maith | Inghlactha | Lag | An-lag |
|--|-----------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|
| Cáilíocht an chúraim | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Faisnéis faoi sheirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| An rogha seirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Sábháilteacht na seirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Uaireanta oscailte do sheirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Amanna feithimh do sheirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Gaireacht/am taistil idir do theach agus na seirbhísí | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Faisnéis faoi fhéinchúram, e.g. aiste bia, aclaíocht, cógas, etc. | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| Oideachas ar na nithe ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála cairdiaiche | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |

Cuid 3 – Tuairimí maidir le seirbhísí amach anseo

C19 Sula dtabharfaidh tú freagra ar an gceist seo, tabhair na sainmhínithe seo a leanas faoi deara:

Sábháilteacht othar - Earráidí a bhaineann le cúram sláinte a sheachaint agus, nuair is féidir, tionchar aon earráidí a rinneadh a laghdú.

Úsáid éifeachtúil acmhainní - A chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais othar, agus iarracht a dhéanamh ag an am céanna deireadh a chur le diomailt agus caiteachas a laghdú, más féidir.

Eispéireas Othar - Cáilíocht an chúraim agus na cóireála, caidreamh le baill foirne, an soláthar faisnéise, an timpeallacht barda, ligean isteach san ospidéal/scaoileadh amach ón ospidéal, etc.

Éifeachtacht chliniciúil - Cúram sláinte atá éifeachtach, comhsheasmhach agus cothrom le dáta a chur chun cinn tríd an bhfianaise is fearr a chomhtháthú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí agus sa phróiseas trína soláthraítear seirbhísí.

Gaireacht/amanna taistil - Íoslághdú a dhéanamh ar an bhfad is gá do dhuine aonair a thaisteal chun seirbhísí a rochtain.

Uaireanta oscailte - Solúbthacht a mhéadú maidir leis na huaireanta inar féidir le hothar seirbhísí a rochtain.

An rogha seirbhísí - Rogha a mhéadú maidir leis an dóigh ar féidir le hothar seirbhísí a rochtain agus maidir le cén áit ar féidir le hothar seirbhísí a rochtain.


Maidir le sainseirbhísí cairdiacha a phleanáil nó a athdhearadh, rangaigh na téarmaí seo a leanas ó 1 go 7 san ord tábhachta a leagfá orthu (áit a seasann 1 don cheann is mó tábhacht agus a seasann 7 don cheann is lú tábhacht):


- _____ Sábháilteacht othar
- _____ Úsáid éifeachtúil acmhainní
- _____ Eispéireas othar
- _____ Éifeachtacht chliniciúil
- _____ Gaireacht/amanna taistil
- _____ Uaireanta oscailte
- _____ An rogha seirbhísí

C20 Seachas na saincheisteanna atá luaite sa cheist roimhe (i.e. sábháilteacht othar; úsáid éifeachtúil acmhainní; éifeachtacht chliniciúil; gaireacht/amanna taistil, etc.), cé na nithe eile ba cheart a chur san áireamh nuair atáthar ag déanamh pleanáil nó athdhearadh ar an dóigh a soláthraítear sainseirbhísí cairdiacha?




C21 Cé na nithe a bhfuil ag éirí leo i sainseirbhísí cairdiacha na hÉireann?







C22 Cé na nithe nach bhfuil ag éirí leo i sainseirbhísí cairdiacha na hÉireann?






C23 Cé na hathruithe is tábhachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar shainseirbhísí cairdiacha na hÉireann?






C24 Cén fhaisnéis agus cén tacaíocht ba cheart a thabhairt d’othair agus don phobal ionas gur féidir leo na cinní is eolaí a dhéanamh ar a sainchúram cairdiach?






C25 Cé na bearta is féidir a dhéanamh chun sábháilteacht a mhéadú laistigh de shainseirbhísí cairdiacha?




C26 Conas is féidir linn a chinntiú go ndíreofar sainchúram cairdiach ar riachtanais an daonra agus an othair?



C27 Conas is féidir rochtain ar shainseirbhísí cairdiacha a éascú do gach othar, is cuma cén áit a gcónaíonn siad, agus conas is féidir a chinntiú ag an am céanna gurb amhlaidh, maidir leis na gairmithe cúram sláinte a sholáthraíonn na seirbhísí sin, go ndéileálann siad le líon dóthanach othar chun a gcuid scileanna agus cleachtais a fhorbairt agus a chothabháil go sábháilte?







C28 Conas is féidir acmhainn agus iniúlacht iomlán na n-oibrithe cúram sláinte uile a bhaint amach laistigh den sainchúram cairdiach?




C29 Conas is féidir obair foirne a fheabhsú idir oibrithe cúram sláinte, laistigh dá ndisciplín féin agus ar fud disciplíní difriúla araon?




C30 Conas is féidir linn a chinntiú go gcuirtear an dea-chleachtas i bhfeidhm go seasta ar fud na seirbhísí uile a sholáthraíonn sainchúram cairdiach?





C31 Conas is féidir rialachas* sainseirbhísí cairdiacha a fheabhsú? **Is é sin le rá, an dóigh a stiúrtar agus a mbainistítear seirbhísí agus an dóigh a ndéantar faireachán orthu*



C32 Má tá aon rud eile ba mhaith leat a chur leis seo, tabhair sonraí faoi sin thíos.

A large empty rectangular box with a thin black border, intended for the student to provide details of any other items they wish to include in their collection.

GO RAIBH MAITH AGAT AS AN gCEISTNEOIR SEO A CHOMHLÁNÚ